Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

S87/15

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

An Léann Giúdach sa Teastas Sóisearach, 2016

Teidil Dualgais don Obair Thionscadail sa Léann Giúdach

1. Tugadh isteach siollabas nua don Léann Giúdach sa Teastas Sóisearach i Meán Fómhair 2010 agus scrúdaíodh den chéad uair é in 2013.

2. Cuireann an siollabas in iúl go mbeidh dhá ghné ag baint leis an scrúdú scríofa sa mheasúnú le haghaidh teistiúcháin sa Léann Giúdach: (1) Ceisteanna ar obair thionscadail, agus (2) Ceisteanna ar na codanna eile den siollabas.

3. Déanfar measúnú seachtrach ar an ábhar ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Beidh 20% de na marcanna ag an dá leibhéal ag gabháil le ceisteanna ar an obair thionscadail.

4. Tá na teidil dualgais atá leagtha síos d'obair thionscadail an Léinn Ghiúdaigh sa Teastas Sóisearach in **2016** faoi iamh. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Iarrtar ar na hiarrthóirí gan ceisteanna a fhreagairt ach faoi **aon teideal amháin**. Tá na teidil dualgais don obair thionscadail do scrúdpháipéir an Léinn Ghiúdaigh sa Teastas Sóisearach bunaithe ar **Roinn 3** den siollabas: **Beannaitheacht sa Chreideamh Giúdach**.

5. Tá ar na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi aon teideal amháin a roghnaíonn siad don obair thionscadail as liosta na dteideal dualgais i gcomhair na bliana 2016. Déanfar é seo i bhfreagarleabhar a áireofar mar Chuid 1 de na scrúdpháipéir.

6. Cuirtear an ciorclán seo, agus liosta na dteideal don obair thionscadail atá ag gabháil leis, ar a súile do na múinteoirí a mbaineann siad leo, le bhur dtoil.

7. Cuirtear cóip den chiorclán seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, le bhur dtoil, chun go gcuirfear ar aghaidh é go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

8. Má bhíonn aon cheist agaibh faoin gciorclán seo, cuirtear glao teileafóin ar 090-644 2746 / 090-644 2825.

Philoméin Ní Mhaolmhichíl
Oifigeach Foirne,
Samhain, 2015.

TEIDIL DUALGAIS DON OBAIR THIONSCADAIL

AN LÉANN GIÚDACH SA TEASTAS SÓISEARACH, 2016

Tugtar rogha de dhá theideal thíos. Ba chóir d'iarrthóirí an obair thionscadail a bhunú ar **aon teideal amháin**, a tógadh as **Roinn 3** de shiollabas an Léinn Ghiúdaigh sa Teastas Sóisearach: **Beannaitheacht sa Chreideamh Giúdach**.

Topaic: Beannaitheacht na beatha — Roinn 3: Beannaitheacht sa Chreideamh Giúdach

TEIDEAL A: Próifíl de bhunús bíobalta an chreidimh atá ag Giúdaigh i mbeannaitheacht na beatha agus den tslí a gcuirtear an creideamh sin i bhfeidhm sa bhealach a gcaitheann an pobal Giúdach sa lá atá inniu ann le beatha an duine agus le beatha na n-ainmhithe.

NÓ

Topaic:Beannaitheacht an domhain — Roinn 3: Beannaitheacht sa Chreideamh Giúdach

TEIDEAL B: Fiosrúchán faoin tslí ar féidir aire don domhan agus dá neacha beo a fheiceáil sna reachta Sabóideacha agus sna reachta Iubhaile den Bhíobla Eabhraise, agus faoin tslí a mbaineann siad le hábhar don phobal Giúdach sa lá atá inniu ann.